

# Folúntas: Ceann an Chláir Galair um Ghalair atá ag Teacht chun Cinn agus Galair Veicteoir-Iompartha
# Aonad: Oifig an Phríomheolaí
# Tagairt: ECDC/AD/2017/OCS-HODP-2

Iarrtar iarratais ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Beidh an té a cheapfar ag tuairisciú do Cheann Rannóg na gClár Galar, agus tacóidh Bainisteoir Cláir leis nó léi. Beidh an té a cheapfar freagrach as inneachar eolaíochta agus inneachar teicniúil Chlár na nGalar atá ag Teacht Chun Cinn agus na nGalar Veicteoir-Iompartha (Clár GTTCV).

Beidh freagracht air/uirthi as na réimsí oibre seo a leanas go háirithe:

- Comhairle a chur ar an Stiúrthóir, ar an bPríomheolaí agus ar Fhoireann Ardbhainistíochta ECDC maidir le gach gné a bhaineann le GTTCV, lena n-áirítear forbairt agus nuashonrú a dhéanamh ar an straitéis i leith na hoibre a dhéanann ECDC maidir le GTTCV a chosc agus a rialú;
- Comhordú agus éascú a dhéanamh ar obair an Chláir GTTCV sa Lárionad, lena n-áirítear dréachtleagan den phlean oibre ilbhliantúil agus den phlean oibre bliantúil lena ngabhann buiséad, agus a bheith freagrach as cáilíocht thorthaí uile an Ionaid a bhaineann le GTTCV;
- Tar éis cead a fháil ó Oifig an Stiúrthóra, dul i gcomhairle le geallsealbhóirí seachtracha (an Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, gníomhaireachtaí eile idirnáisiúnta sláinte poiblí agus institiúidí acadúla) i dtaobh GTTCV a chosc agus a rialú;
- Bheith i mbun an chomhordaithe ar an Líonra GTTCV de chuid ECDC ina bhfuil saineolaithe de chuid na mBallstát (agus saineolaithe ar mhéadú AE agus ar an mbeartas comharsanachta) agus bheith i mbun an idirchaidrimh leis;
- Na riachtanais a aithint i ndáil le measúnuithe riosca, comhairle theicniúil, treoir agus faireachas ó thaobh GTTCV a chosc agus a rialú, agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin;
- Maoirseacht a dhéanamh ar tháirgeadh treorach agus comhairle eolaíche ar bhonn fianaise mar fhreagra ar cheisteanna ó Pharlaimint na hEorpa, ón gCoimisiún Eorpach agus ó Bhallstáit;
- Staidéir eolaíocha a dhearadh agus a chomhordú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le GTTCV a chosc agus a rialú agus cláir taighde i leith GTTCV a chur chun cinn san Aontas Eorpach;

- Imscrúduithe eipidéimeolaíochta a bhunú agus a chomhordú agus saintreoir a chur ar fáil maidir leis an tacaíocht freagartha allamuigh i dtíortha an Aontais Eorpaigh agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha i gcás bagairt sláinte thromchúiseach trasteorann a bhaineann le GTTCV;
- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí eile ECDC, de réir mar is gá, sa réimse ina bhfuil saineolas aige/aici, agus páirt a ghlacadh i gcóras dualgais 24/7 ECDC nuair is gá.

## Na cáilíochtaí agus an taithí atá ag teastáil

### A. Ceanglais fhoirmiúla

Chun a bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais sin:

- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha bliain amháin ar a laghad sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana ar a laghad[1];
- Taithí ghairmiúil 9 mbliana ar a laghad[2] (tar éis bhronnadh an dioplóma);
- Eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha na gComhphobal agus eolas sásúil ar theanga eile de chuid na gComhphobal, a mhéid is gá chun na dualgais a bheidh air/uirthi a chomhlíonadh[3];
- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a cheart nó a ceart iomlán mar shaoránach[4];
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige nó aici;
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist; agus
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

### B. Critéir roghnúcháin

Tá *critéir riachtanacha* maidir le *taithí ghairmiúil* agus *tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta* sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

*Taithí ghairmiúil/eolas:*

---

[1] Ní bhreithneofar ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

[2] Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.

[3] Ina theannta sin, chun bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

[4] Sula gceapfar é nó í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil lena léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige nó aici.

- Iarchéim nó céim leighis san eipidéimeolaíocht, sa mhicribhitheolaíocht, sa tsláinte phoiblí, sa leigheas, sa tréidliacht, sa bhitheolaíocht nó ina gcoibhéis;
- Taithí chruthaithe ar a bheith ag obair, ar leibhéal náisiúnta, ar ghalair atá ag teacht chun cinn agus galair veicteoir-iompartha a chosc agus a rialú;
- Eolas críochnúil, idir eolas eolaíoch agus eolas teicniúil, ar an staid san Aontas Eorpach i dtaobh eipidéimeolaíocht na ngalar atá ag teacht chun cinn agus na ngalar veicteoir-iompartha;
- Taithí chruthaithe ar staidéir eipidéimeolaíochta agus staidéir ábhartha eile i réimse na sláinte poiblí a dhearadh agus a chur i gcrích;
- Scileanna den scoth maidir le tionscadail agus cláir straitéiseacha a bhainistiú, lena n-áirítear saincheisteanna buiséadacha;
- Taithí chruthaithe ar dhaoine a bhainistiú agus cumas cruthaithe i dtaobh ceannaireachta;
- Ardleibhéal Béarla, idir scríofa agus labhartha.

*Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:*

- Scileanna cruthaithe maidir le faisnéis eolaíoch a chur in iúl d'údaráis, d'eolaithe, agus do lucht féachana níos leithne;
- Scileanna idirphearsanta láidre agus dea-chumas oibre mar dhuine d'fhoireann, lena n-áirítear scileanna den scoth i ndáil le líonrú, idirchaidreamh agus caibidlíocht;
- An cumas chun a bheith ag obair faoi bhrú agus freagrachtaí éagsúla a bhainistiú go héifeachtach.

*Tá taithí agus scileanna ar buntáiste iad i leith an phoist seo sainaitheanta againn freisin. Is iad sin:*

- Eolas maith ar bheartais agus gníomhaíochtaí AE i réimse na sláinte poiblí agus i ndáil le galair theagmhálacha a chosc agus a rialú;
- Taithí ar leibhéal idirnáisiúnta ar ghalair atá ag teacht chun cinn agus galair veicteoir-iompartha a chosc agus a rialú;
- Céim ollscoile nó oiliúint dhoiciméadaithe san fheithideolaíocht leighis agus/nó i rialú veicteoirí, nó eolas fónta orthu.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh go gcuirfeadh an coiste roghnóireachta riachtanais níos doichte i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

## Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist bunaithe ar ghearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnóireachta don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnóireachta bunaithe. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta d'iarrthóirí a bhunú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, ar feadh tréimhse cúig

bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan ina dhiaidh sin. Ceapfar an t-iarrthóir rathúil chuig grád **AD 8**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf

Is é Stócólm an áit fostaíochta, áit a gcuirtear gníomhaíochtaí an Lárionaid i gcrích.

## Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí go ndéanfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

## Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

**Chun iarratas a dhéanamh, seol foirm iarratais chomhlánaithe, le do thoil,chuig Recruitment@ecdc.europa.eu agus sonraigh go soiléir tagairt an fholúntais agus do shloinne i líne ábhair an ríomhphoist.**

**Ionas go mbeidh d'iarratas bailí ní mór duit gach rannán riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú, agus ba cheart an fhoirm iarratais a sholáthar i bhformáid Word nó PDF agus más féidir i mBéarla[5]. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.**

**Is féidir an fhoirm iarratais ECDC a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo: https://ecdc.europa.eu/en/work-us/vacancies**

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach, tuilleadh faisnéise faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin seo agus tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas earcaíochta ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin tríd an nasc thuas a leanúint.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní thabharfar fógra ach d'iarrthóirí a bhfuil cuireadh chun agallaimh á thabhairt dóibh.

[5] Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú le haghaidh gach ceann de 24 theanga oifigiúla an AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.